MARA

An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
Maritime Area Regulatory Authority



# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

## Anailísí Muirí – GIS

## (Innealtóir Ghrád III)

This competition will be undertaken by Osborne Recruitment on behalf of the Maritime Area Regulatory Authority (MARA) under licence from the Commission for Public Service Appointments (CPSA) in accordance with the Code of Practice for Appointments to the Civil and Public Service

# Clár an Ábhair


***Eolas faoi MARA*** ... 4

**Misean, Fís agus Luachanna MARA** ... 4

**Comhthéacs na hEagraíochta** ... 4

**Cuspóirí Straitéiseacha 2024-2027** ... 5

***An Ról*** ... 6

**Príomhdhualgais agus Freagrachtaí** ... 6

**Bunriachtanais an Róil** ... 7

**Eolas agus Taithí Inmhianaithe** ... 7

**Scileanna agus Cumas** ... 8

**Inniúlachtaí** ... 8

**An Rogha Fostóra** ... 10

***Conas Iarratas a Dhéanamh*** ... 10

***Dáta Deiridh*** ... 10

**An Próiseas Roghnúcháin** ... 10

**Agallamh** ... 11

**Comhionannas** ... 11

**Freastal Réasúnta** ... 11

**Imréiteach Slándála** ... 11

**Painéal** ... 12

**Seiceálacha Ábhartha** ... 12

***Príomhchoinníollacha na Seirbhíse*** ... 12

**Tuarastal** ... 12

**Socruithe Íocaíochta** ... 13

**Láthair** ... 14

**Uaireanta Freastail** ... 14

**Fostaíocht Sheachtach** ... 14

**Saoire Bhliantúil** ... 14

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú)** ... 14

**Sláinte** ... 14

**Sochair Fostaí** ... 14

***Eolas Ginearálta*** ... 18

***Aguisín A – Creat Príomhinniúlachtaí – Innealtóir Grád III*** ... 25

## An Post:

| | |
|---|---|
| **Teideal an Phoist:** | Anailísí Muirí GIS |
| **Grád:** | Innealtóir Ghrád III |
| **Tionacht:** | Buan (faoi réir chríochnú rathúil na tréimhse promhaidh) |
| **Údarás Fostaithe:** | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) |
| **Láthair:** | Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Contae Loch Garman, Y35 RF29 |
| **Obair Chumaisc:** | Beidh ar an iarrthóir rathúil freastal ar an oifig ar a laghad 2 lá sa tseachtain agus is féidir leo cianoibriú a dhéanamh a mhéid le 3 lá sa tseachtain faoi réir riachtanais ghnó agus bheartas oibre cumaisc MARA. |
| **Saoire Bhliantúil:**<br>aníos<br>seirbhís 10 | 25 lá oibre sa bhliain a bheidh i do liúntas saoire bliantúla, a mhéadóidh<br>go dtí 29 lá oibre tar éis seirbhís 5 bliana agus go 30 lá oibre tar éis<br>mbliana. |
| **Dáta Deiridh:** | **10:00 a.m. Dé Luain, 12 Deireadh Fómhair 2026** |
| **Tuarastal Tosaigh:** | Innealtóir Ghrád III |
| **Uaireanta Oibre:** | 35 uair (GLANMHÉID sa tseachtain) |
| **Painéal:** | Cuirfear iarrthóirí rathúla ar phainéal óna ndéanfar ceapacháin. Cuirfear folúntais ar tairiscint d’iarrthóirí de réir ord fiúntais ón bpróiseas agallaimh. Rachaidh aon phainéal a bhunófar mar chuid den fheachtas seo in éag 18 mí tar éis a bhunaithe. |

## Eolas faoi MARA

Is comhlacht neamhspleách nua é an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) atá freagrach as bainistiú inbhuanaithe limistéar muirí éagsúil uathúil na hÉireann, ar cuireadh i bhfeidhm é le hachtú an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 (Acht MAP). Bunaíodh MARA i mí Iúil 2023, mar chuid den athchóiriú is mó ar rialachas muirí na hÉireann le beagnach céad bliain, agus beidh ról lárnach aige i gclaochlú chóras rialachais mhuirí na tíre.

Tá na córais agus na struchtúir a leagtar amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí ina n-uirlisí dlíthiúla lárnacha chun forbairt agus cosaint an chomhshaoil agus na hoidhreachta cultúrtha sa limistéar muirí a éascú do na glúnta atá le teacht, an leathnú san áireamh atá beartaithe ar earnáil an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, a bhfuil gá leis chun spriocanna aeráide na hÉireann do 2030 a bhaint amach ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe.

## Misean, Fís agus Luachanna MARA

### Our Values

| Integrity | Collaboration | Innovation | Confidence | Inclusion |
|---|---|---|---|---|

### Our Mission

**Our mission is to act as custodian and regulator of Ireland's maritime area. We aim to ensure that Ireland's marine environment is protected for the future through co-operation, compliance, enforcement, and transparent decision making.**

### Our Vision

**We will be a trusted maritime regulator contributing to the achievement of a thriving ocean ecosystem and the sustainable management of the maritime area of Ireland for the benefit of nature and generations to come.**

## Comhthéacs na hEagraíochta

Is gníomhaireacht neamhspleách é MARA, a bunaíodh faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, agus atá anois faoi choimirce na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE). Tá Bord 11 bhall ag MARA, a cheapann an tAire.

Faoi stiúir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá feidhmeannacht MARA freagrach as na feidhmeanna laethúla seo a leanas a chur i gcrích:

- Iarratais ar thoiliú limistéir mhuirí (MACanna) don limistéar muirí a phróiseáil;
- Iarratais ar cheadúnais úsáide muirí le haghaidh gníomhaíochtaí sceidealaithe sonraithe a phróiseáil;
- Comhlíonadh agus forfheidhmiú MACanna, ceadúnas, údaruithe urthrá agus toiliú forbartha amach ón gcósta;
- Riarachán phunann toilithe reatha an MHLGH maidir leis an urthrá; agus
- Comhar a chothú agus a chur chun cinn idir rialálaithe an limistéir mhuirí.

Trí oibriú i gcomhar lena chomhpháirtithe uile, tacóidh MARA le buntacaí chóras pleanála muirí na hÉireann trí:

- A shaineolas, a eolas agus a scileanna a chur chun feidhme chun pleanáil chun cinn sa limistéar muirí a fheabhsú;
- Córas toilithe trédhearcach a fhorbairt a fheidhmíonn go maith, atá comhsheasmhach le prionsabail na pleanála spásúla muirí cuí, do gach úsáideoir agus gníomhaíocht sa limistéar muirí; agus
- Clár dian, ach comhréireach, um chomhlíonadh agus faireachán a chur chun feidhme chun úsáid inbhuanaithe ár limistéir mhuirí a chinntiú agus chun dúshlán a thabhairt d'fhorbairt neamhúdaraithe agus do neamhchomhlíonadh cead pleanála muirí.

## Cuspóirí Straitéiseacha 2024-2027

Tá a chéad Ráiteas Straitéise curtha i gcrích ag MARA, ina leagtar amach na cuspóirí Straitéiseacha seo a leanas do 2024-2027, an méid a leanas ina measc:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| STRATEGIC PRIORITY | **Establish solid foundations for delivery -** this includes building an infrastructure to assess applications, issue timely robust decisions and deliver effective governance. | **Build capacity and knowledge -** this includes growing our team, building capacity within the organisation, enhancing our knowledge, insight and innovation, and embedding our structures. | **Regulate effectively and impartially -** this includes managing authorisations, monitoring compliance with legislation and driving regulation through risk-based compliance and enforcement. | **Drive cooperation and empower action -** this includes being a leading voice for the protection of Ireland's maritime are proactively informing policy, legislation, and better choices for the environment to overcome sea blindness and foster ocean literacy. |
| INDICATOR OF SUCCESS | MARA is a well-governed regulator, operating a streamlined maritime authorisations process that builds trust and confidence, and can withstand scrutiny. | MARA is appropriately resourced with the necessary capabilities, knowledge and skills to fulfill out responsibilities with the capacity necessary to work innovatively and promote personal development. | MARA is trusted and respected for our transparent and fair decision-making and its risk based compliance and enforcement regime, which in turn supports a culture of compliance in the communities that we serve. | MARA is a recognised thought leader in the maritime area, whose evidence is relied upon in the development of maritime policy and legislation, and whose insights inform the identification of future developments in the maritime are requiring regulation. |

Bainfidh MARA é seo amach trí shaineolas a fhorbairt i measc a chuid daoine, ina phróisis agus ina theicneolaíocht. Mar chaomhnóirí an limistéir mhuirí, cinnteoidh MARA, trí dhea-bhainistíocht agus cinnteoireacht thrédhearcach, go mbainfimid an leas is fearr is féidir as ár n-acmhainn mhuirí thar ceann shaoránaigh uile na hÉireann.

Chun a uaillmhian a bhaint amach, tá daoine spreagtha, dinimiciúla agus paiseanta earcaithe ag MARA agus leanann sé de bheith ag lorg daoine den sórt sin le bheith páirteach ar a fhoireann. Is deis thar na bearta í seo chun dul isteach i ngníomhaireacht nua ag céimeanna tosaigh a turais agus chun a bheith ar thús cadhnaíochta i mbainistiú acmhainn mhuirí fhairsing na hÉireann.

## An Ról

Tacóidh an tAnailísí Muirí GIS (Innealtóir Ghrád III) leis an mBainisteoir Sonraí GIS (Innealtóir Ghrád II) i soláthar na gCóras Faisnéise Geografaí agus na dtionscadal geaspásúil, agus na sonraí agus an eolais ghaolmhair, laistigh de MARA. Beidh ról ag an duine sa phost cúnamh a thabhairt do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile agus idirchaidreamh a dhéanamh leo maidir le feidhmchláir, táirgí agus seirbhísí geaspásúla a sholáthar; sonraí a chomhordú agus a bhainistiú; agus úsáid GIS a leathnú agus tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.

Tacóidh an tAnailísí Muirí GIS (Innealtóir Ghrád III) leis an mBainisteoir Sonraí GIS (Innealtóir Ghrád II) agus beidh sé de chúram orthu tacú le forbairt GIS a chur i bhfeidhm, tacú le tionscnaimh GIS atá ar bun, agus tacaíocht GIS a chur ar fáil d'aonaid ghnó MARA. Beidh siad mar chuid d'fhoireann bheag foirne agus oibreoidh siad i gcomhar le haonaid ghnó eile de chuid MARA. Déanfaidh an tAnailísí Muirí GIS gnéithe de bhailiú sonraí ó Ranna Rialtais eile a chomhordú chun leibhéil cháilíochta agus chomhsheasmhachta sonraí a chinntiú maidir le sonraí geaspásúla agus seirbhísí gréasáin a sholáthar do pháirtithe leasmhara MARA.

Agus iad ag obair mar chuid d'fhoireann dhinimiciúil, beidh dúshláin nua agus fadhbanna nua le réiteach acu i gcónaí – tá sé ríthábhachtach obair le chéile. Beidh an neamhspleáchas ag an iarrthóir rathúil an bealach is fearr a roghnú chun dul i ngleic le tascanna agus fadhbanna a réiteach, le tacaíocht óna chomhghleacaithe.

## Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

Cé go n-athróidh freagrachtaí agus príomhthorthaí insoláthartha an phoist mar Anailísí Muirí GIS ó am go ham, ag brath ar riachtanais ghnó na heagraíochta, agus iad ag comhlíonadh dhualgais an phoist, beidh ar an Anailísí Muirí GIS na nithe seo a leanas a sholáthar agus cabhrú lena soláthar:

**Cúrsaí Muirí, Bainistíocht Sonraí Spásúla agus Léarscáiliú:**

- Léarscáileanna a ullmhú chun tacú le feidhmeanna MARA, maidir le Toiliú Limistéir Mhuirí, Ceadúnais Úsáide Muirí a chinneadh, agus comhlíonadh/forfheidhmiú san áireamh.
- Sonraí digiteacha, go háirithe sonraí spásúla, agus tacair mhóra shonraí a bhailiú, a chruthú agus a scaipeadh.
- Sonraí a bhainistiú trí bhunachair sonraí atá cumasaithe ó thaobh spásúlachta de a fhorbairt agus a chothabháil.
- Riar bhogearraí agus chrua-earraí GIS MARA.
- Anailís a dhéanamh ar shonraí agus torthaí a léirshamhlú trí úsáid a bhaint as uirlisí agus teicnící éagsúla, Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus pacáistí anailíse staitistiúla san áireamh, go háirithe sraith feidhmchlár fiontraíochta agus deisce ArcGIS.
- Dearbhú cáilíochta láimhe agus uathoibrithe ar shonraí agus ar chórais, caighdeáin inmheánacha agus sheachtracha sonraí a chur chun feidhme, caighdeáin ISO, OGC agus Caighdeáin Oscailte san áireamh, agus tuarascálacha dearbhaithe cáilíochta a chur ar fáil.
- Idirghníomhú le marineplan.ie – tairseach pleanála spásúla muirí na hÉireann.

**Tacaíocht Rialála agus Oibríochtúil:**

- Cabhrú le hiarratais ar Cheadúnais Úsáide Muirí (MUL) agus ar Thoiliú Limistéir Mhuirí (MAC) a mheas.
- Tacú le gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe trí eolas spásúil a chur ar fáil.

**Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara:**

- Idirchaidreamh a dhéanamh le foirne tionscadail chun riachtanais ghnó a thuiscint agus iad a aistriú go réitigh GIS fheidhmiúla.

- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile maidir le bailiú agus roinnt sonraí, etc.

**Forbairt agus Nuálaíocht Córas:**

- Taighde agus cur i bhfeidhm ar uirlisí, córais agus teicneolaíochtaí nua chun fadhbanna Innealtóireachta agus Anailíse Sonraí a réiteach.
- Cumas GIS a fhorbairt agus tacú leis laistigh de MARA, agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann agus do chonraitheoirí.
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre trasfhoirne laistigh de MARA.
- Forbairt GIS ghréasánbhunaithe agus léarscáiliú idirghníomhach ar líne.
- Cur le tionscnaimh feabhsúcháin leanúnaigh agus le nósanna imeachta a fhorbairt.

**Freagrachtaí Fostaí:**

- Tacú le misean, fís agus tosaíochtaí straitéiseacha MARA agus iad a chur chun cinn.
- Gach dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir le luachanna MARA, is iad sin Sláine, Comhoibriú, Nuálaíocht, Muinín agus Ionchuimsiú, mar aon le luachanna na Seirbhíse Poiblí.
- Cloí le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus le gach beartas agus nós imeachta ábhartha eile.
- Páirt a ghlacadh sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), spriocanna a leagan síos, spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach, athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí san áireamh.
- Cloí le gach beartas, nós imeachta agus rialachán maidir le sláinte agus sábháilteacht, agus iad a chomhlíonadh, chun timpeallacht oibre shábháilte agus shlán a chothabháil.
- Timpeallacht mhaith oibre a chruthú agus a chothabháil laistigh de MARA.
- Cloí le hoibleagáidí MARA faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi na beartais agus nósanna imeachta gaolmhara.
- Aon dualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó thráth go chéile.

## Bunriachtanais an Róil

Caithfidh gach iarrthóir an méid seo a leanas a bheith déanta acu faoin dáta is déanaí atá foirmeacha iarratais líonta le fáil:

- Cáilíocht ghairmiúil aitheanta a bheith acu in GIS, Geomaitic nó Suirbhéireacht Gheospásúil (leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) nó a chomhionann de cháilíocht eachtrach de chuid NARIC Ireland) agus cáilíocht iarchéime in GIS nó Geomaitic (leibhéal 9).

**NÓ**

- Bunchéim nó iarchéim i ndisciplín ghaolmhar (Tíreolaíocht, Eolaíocht an Chomhshaoil, Cianbhraiteacht, etc.), mar aon le cáilíocht iarchéime in GIS nó Geomaitic (leibhéal 9) agus dhá bhliain de thaithí chruthaithe ag obair le bogearraí GIS agus sonraí spásúla tar éis an cháilíocht a bhaint amach.

## Eolas agus Taithí Inmhianaithe

- Feasacht ar ról na n-údarás toilithe don limistéar muirí, ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, ar an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus ar an Acht um Pleanáil Limistéir Imeall Trá/Limistéir Mhuirí.
- Eolas, taithí agus tuiscint chuimsitheach ar phrionsabail GIS, ar anailís sonraí agus ar na teicneolaíochtaí gaolmhara, a bhaineann le dualgais agus freagrachtaí an phoist.
- Inniúlacht in ArcGIS Pro an ESRI agus/nó ArcGIS Online.

## Scileanna agus Cumas

- Tuiscint ar shamhlacha sonraí spásúla, ar chórais chomhordanáidí agus ar bhainistiú bunachar sonraí geospásúil.
- Cumas riachtanais taistil an phoist a chomhlíonadh, a bhféadfadh cuairteanna suímh ag áiteanna ar an gcósta a bheith san áireamh iontu, agus a bheith sásta obair lasmuigh de ghnáthuaireanta de réir mar is gá.
- Scileanna cumarsáide den scoth, ó bhéal agus i scríbhinn, trí thuairisciú teicniúil agus neamhtheicniúil agus trí chur i láthair san áireamh, agus an cumas saincheisteanna casta eolaíochta agus teicniúla a mhíniú i dteanga shoiléir bheacht do lucht éisteachta saineolach agus neamhspeisialaithe araon.
- Scileanna idirphearsanta agus tionchair den scoth, agus a thaispeáint gur féidir caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt agus a chothú, go hinmheánach laistigh d'fhoirne ildisciplíneacha agus go seachtrach araon.
- Cur chuige spreagtha, solúbtha agus inoiriúnaithe, mar aon leis an stuaim chun cur go dearfach le gach gné den ról.
- Cumas obair go dearfach i dtimpeallacht foirne ildisciplíneach, agus an mhuinín a bheith agat páirt a ghlacadh agus cur leis an obair.
- Scileanna láidre Teicneolaíochta Faisnéise, sraith MS Office, MS Project, ArcGIS agus córais eile bhainteacha san áireamh.
- Scileanna láidre anailíseacha agus réitigh fadhbanna.
- Scileanna eagrúcháin den scoth, agus an cumas obair faoi bhrú, roinnt tascanna/tionscadal a láimhseáil laistigh de spriocdhátaí teanna, agus obair go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach araon.
- Cumas torthaí insoláthartha a bhaint amach in am agus laistigh den bhuiséad.
- Cumas chun obair faoina stuaim féin.
- A bheith cruinn beacht le mionsonraí.

## Inniúlachtaí

Ba cheart go mbeidh na tréithe go léir ag iarratasóirí a theastaíonn ó Innealtóir Ghrád III agus caithfidh siad a léiriú, ach go háirithe, trí thagairt a dhéanamh do shamplaí ar leith óna ngairm bheatha go dtí seo, go bhfuil seilbh acu ar na tréithe, na scileanna agus an t-eolas nó go bhfuil ar chumas acu na tréithe, na scileanna agus an t-eolas a fháil a theastaíonn do ról Innealtóir Ghrád III mar a shainaithnítear sa chreat inniúlachtaí (Aguisín A).

## Cáilitheacht chun Dul san Iomaíocht agus Srianta Áirithe ar Cháilitheacht

**Riachtanais Saoránachta**

Caithfidh iarrthóirí na riachtanais a leanas a shásamh faoi dháta na tairisceana poist:

(a) Caithfidh gur saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (LEE) iad. Is éard atá san LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, anuas ar an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) Caithfidh gur saoránach den Ríocht Aontaithe (an RA) iad; nó
(c) Caithfidh gur saoránach iad den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Caithfidh gur saoránach neamh-LEE iad a bhfuil cead stampa 4[1] nó stampa 5 acu.

[1] Tabhair faoi deara go nglactar le cead 50 TEU, a chuirtear ar fáil in ionad Stampa 4EUFAM i ndiaidh an Bhreatimeachta, mar stampa comhionann le Stampa 4.

**Chun cáiliú, caithfidh go bhfuil iarrthóirí incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.**

## Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Tugadh isteach faoi litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, le héifeacht ón 01 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a aontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhíse Poiblí an ICTU i dtaca le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann is ea é nach mbeidh daoine a gcuirtear an comhaontú ar fáil dóibh incháilithe d'athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (faoi mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhí rannpháirteach sa scéim seo agus a bhféadfadh go n-éiríonn leo san iomaíocht a gcáilitheacht a chruthú (éag thréimhse na neamhcháilitheachta).

## Scéim Dhreasaithe do Luathscor (SDLS)

Coinníoll den Scéim Dhreasaithe do Luathscor (ISER), faoi mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, i dteideal iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ar an ábhar sin, ní féidir leis na pinsinéirí siúd cur isteach ar an bpost seo.

## Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach i gCiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 01 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithe Luathscoir Dheonaigh (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhíonn rannpháirteach sa scéim incháilithe d'athfhostú san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí níos fairsinge nó i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Bíonn an cosc céanna ar athfhostú i gceist faoin VRS, seachas go maireann an cosc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhí rannpháirteach sa scéim VER incháilithe chun dul san iomaíocht san iomaíocht seo. Beidh ar dhaoine a bhí rannpháirteach sa scéim VRS agus a bhféadfadh go n-éiríonn leo san iomaíocht a gcáilitheacht a chruthú (éag thréimhse na neamhcháilitheachta).

## An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)

Tugadh Scéim Dheonach Iomarcaíochta le haghaidh Údarás Áitiúil isteach faoi Chiorclán LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí *an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012, faoi mar a shonraítear thuas, coinníoll ar leith is ea é nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [faoi mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2009] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Bíonn baint ag na coinníollacha seo, chomh maith, i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

## Dearbhú

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu an raibh nó nach raibh siad rannpháirteach roimhe seo i scéim Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú, leis, cibé an bhfuil aon teidlíocht acu ar phinsean seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeádta) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile agus/nó an bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht seirbhíse poiblí.

## An Rogha Fostóra

Mar an Rogha Fostóra, is iomaí beartas oibre solúbtha agus a thacaíonn leis an teaghlach atá ag an Státseirbhís, e.g. Bliain Oibre Níos Giorra, Cianoibriú (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc') etc. Is féidir cur isteach ar na beartais roghnacha go léir i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus bíonn siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Oibríonn an Státseirbhís scéim Soghluaisteachta freisin do gach grád seirbhíse ginearálta. Cuireann an scéim seo deiseanna gairm bheatha ar fáil don fhoireann chun róil i measc réimse eagraíochtaí agus láithreacha tíreolaíocha Státseirbhíse a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh iontu.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

**Ba cheart iarratais a sheoladh ar ríomhphost agus caithfear a áireamh leo:**

- Foirm Iarratais líonta ina dtugtar cuntas ar an bhfáth gur mian leat go ndéanfar breithniú ort don phost agus an fáth go gceapann tú go sásaíonn do scileanna agus taithí na riachtanais don phost
- Ní ghlacfar isteach san fheachtas ach le hiarratais a seoladh ar aghaidh go hiomlán.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, caithfidh iarrthóirí an fhoirm iarratais ábhartha shínithe agus líonta a sheoladh chuig MARA@osborne.ie

## Dáta Deiridh

**Spriocdháta d'iarratais:** Tabhair faoi deara gurb é an dáta is déanaí ar a nglacfar le hiarratais **10:00 a.m. Dé Luain, 12 Deireadh Fómhair 2026**. Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána, iarratais a dhéantar sa phost ná le CVanna. Ní dhéanfar breithniú ar aon iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta agus ama deiridh.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an t-am deiridh. Ní dhéanfar iarratais dhéanacha a mheas. Is ortsa atá an fhreagracht, dá bharr, a chinntiú gur thug tú dóthain ama chun d'iarratas a sheoladh ar aghaidh. Caithfidh iarratasóirí a chinntiú go gcoimeádann siad cóip den ríomhphost a seoladh chuig **MARA@osborne.ie**, an dáta agus an t-am san áireamh i gcás aon cheisteanna.

Seolfar ríomhphost admhála i leith gach iarratais a gheofar (dearbhóidh an ríomhphost seo go bhfuarthas an t-iarratas, ach ní dhearbhóidh sé incháilitheacht ná easpa incháilitheachta). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de dhá lá oibre tar éis gur cuireadh an t-iarratas isteach, ba chóir don iarratasóir teagmháil a dhéanamh le **MARA@osborne.ie** lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

## An Próiseas Roghnúcháin

Is féidir na nithe a leanas a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarratais a ghearrliostú
- Agallamh iomaíoch bunaithe ar an gcreat inniúlachtaí
- Cur i láthair a dhéanamh don phainéal roghnúcháin
- Aon tástáil nó measúnú eile a mheastar is oiriúnach, measúnú síciméadrach san áireamh.
- Na seiceálacha bainteacha go léir a dhéanamh, mar atá leagtha amach thíos.

D'fhéadfadh go mbeadh agallamh dara babhta nó agallamh deiridh ag teastáil; cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas tar éis an chéad bhabhta agallamh a chríochnú.Féadtar céimeanna breise roghnúcháin a chur san áireamh.

Bunófar bord roghnúcháin agus úsáidfidh sé na riachtanais bhunriachtanacha agus inmhianaithe dá dtagraítear níos luaithe sa leabhrán eolais seo d'iarrthóirí chun iarrthóirí a chur ar an ngearrliosta. Beidh an scóráil ag céim an ghearrliostaithe bunaithe ar an eolas atá san fhoirm iarratais. Mar sin, is chun do leasa é cuntas mionsonraithe agus cruinn a chur ar fáil ar conas a shásaíonn do scileanna, tréithe pearsanta,

cáilíochtaí agus taithí riachtanais an phoist. Cé gur féidir le hiarrthóir riachtanais cháilitheachta na hiomaíochta a shásamh, más amhlaidh a bhíonn na líonta a chuireann isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, ar próiseas agallaimh é sin, féadfaidh MARA an cinneadh a dhéanamh nach gcuirfear ach líon áirithe iarrthóirí ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Cuirfear na hiarrthóirí ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin bunaithe ar a n-ord fiúntais ag gach céim.

Eiseofar an t-eolas bainteach uile chuig na hiarrthóirí ag gach céim den phróiseas roghnúcháin.

Mura gcuirtear MARA ar an eolas faoi aon cheisteanna a bhíonn agat roimh d'agallamh/mheasúnú nó ar lá an agallaimh/an mheasúnaithe, ní bheidh muid in ann aghaidh a thabhairt orthu ina dhiaidh sin.

## Agallamh

Meastar go mbeidh na hagallaimh ar siúl i bpearsan go déanach i Mheán Fómhair nó go luath i Samhna 2026 i gContae Loch Garman. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas faoi dhátaí agus socruithe na n-agallamh a luaithe is féidir. Is ar na hiarrthóirí a bheidh an dualgas iad féin a chur ar fáil don agallamh mar a leagfar amach dóibh.

## Comhionannas

Fostóir comhdheiseanna is ea an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA). Cuireann MARA fáilte roimh iarratais ó gach iarrthóir atá cáilithe go cuí, beag beann ar a n-inscne, a stádas pósta, a stádas teaghlaigh, a gcreideamh reiligiúnach, a gcine, a n-aois, a ngnéaschlaonadh, a míchumas nó a mballraíocht i bpobal an Lucht Siúil.

## Freastal Réasúnta

Ba cheart d'aon iarrthóir a dteastaíonn aon socruithe speisialta uaidh nó uaithi don agallamh nó d'aon ghné eile den phróiseas roghnúcháin fógra a thabhairt dúinn ag MARA@osborne.ie, ionas gur féidir na socruithe cuí a dhéanamh. Coimeádfar an t-eolas go léir a nochtfar faoi rún.

## Imréiteach Slándála

B'fhéidir go mbeidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a líonadh agus a sheoladh ar ais sa chás go ndéantar breithniú ort le haghaidh ceapacháin. Seolfar an fhoirm seo chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann inar chónaigh tú.

Má chónaigh / má rinne tú staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos faide i ndiaidh a chéile agus tú níos sine ná 18 mbliana, tá sé éigeantach go soláthraíonn tú Deimhniú Imréitigh ó na Póilíní ó na tíortha siúd. Beidh ort Deimhniú Imréitigh ó na Póilíní ar leith a sholáthar do gach tír inar chónaigh tú. Caithfidh an t-imréiteach a bheith dátaithe i ndiaidh an dáta a d'fhág tú an tír. Tá tú freagrach as imréitigh shlándála a lorg ar bhealach tráthúil mar gheall gur féidir leo roinnt ama a ghlacadh. Ní féidir thú a cheapadh gan an t-eolas seo a bheith curtha ar fáil agus mura measann MARA go bhfuil sé sásúil.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ar an eolas gur féidir aon eolas a fhaightear i bpróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaithe.

Beidh iarrthóirí freagrach as aon chaiteachas a thabhófar i dtaca le haon Deimhnithe Imréitigh Póilíní a fháil.

### Painéal

Tar éis chéim na n-agallamh, bunóidh MARA painéal iarrthóirí arna rangú in ord fiúntais. Féadfar an painéal seo a úsáid freisin chun poist shealadacha a líonadh amach anseo. Ní gá go gcuirfear gach duine a cuireadh faoi agallamh ar an bpainéal. Bunófar painéal óna bhféadfar ceapacháin a dhéanamh, agus rachaidh sé in éag 18 mí ó dháta an agallaimh nó nuair a bheidh sé ídithe, cibé acu is túisce. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas faoi thoradh an chomórtais a luaithe is féidir tar éis an phróisis agallaimh. Ní bheidh iarrthóirí nár ceapadh ar éag an phainéil ábalta éileamh a dhéanamh ar cheapachán ina dhiaidh sin mar gheall go raibh siad ar an bpainéal.

### Seiceálacha Ábhartha

Sula molfaidh an fhoireann Acmhainní Daonna aon iarrthóir lena cheapadh i bpost, déanfaidh siad na seiceálacha ábhartha uile. Ní féidir cinntiúchán deiridh a dhéanamh go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta tugtha chun críche go hiomlán ná ní féidir a mheas nó a cheapadh go ndearnadh an cinntiúchán sin.

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán, nó i ndiaidh glacadh leis, sa chás go dtugann sé/sí an post suas, féadfaidh MARA, faoina lánrogha, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapadh agus bunófar seo ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Níl aon oibleagáid ar MARA aon iarrthóir a cheapadh de thoradh an chomórtais seo.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon tairiscint fostaíochta a dhéantar le hiarrthóir rathúil a bheith faoi réir an mhéid a leanas a shásamh:

- Fíorú teistiméireachtaí,
- Fíorú cáilíochtaí,
- Grinnfhiosrúchán – más bainteach

Ag céim fíoraithe na dteistiméireachtaí, iarrfar teistiméireachtaí ó d'fhostóir reatha agus ón bhfostóir is déanaí a bhí agat roimhe sin.

## Príomhchoinníollacha na Seirbhíse

### Ginearálta

Tá an ceapachán le post buan sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm maidir leis an Státseirbhís de thuras na huaire.

### Tuarastal

Seo a leanas scála tuarastail Innealtóir Ghrád III (rátaí éifeachtach ón 1 Meitheamh 2026) ar aghaidh:

**(Scála PPC**) €40,374, €42,921, €43,602, €47,001, €50,412, €53,886, €57,526, €59,823, €62,132, €64,461, €66,776, €69,097, €71,418, €73,732, €76,066, €78,644 (Breisiú Fadseirbhíse 1) €81,218 (Breisiú Fadseirbhíse 2)***

Féadfaidh Breisiú Fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh seirbhís shásúil 3 bliana (BFS-1) agus 6 bliana (BFS-2) ar uasmhéid an scála. ***Tagairt an scála pá an 1 Meitheamh 2026.*

Baineann ráta pá an CRI nuair a bhíonn ar an duine aonair a Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (tugtar ranníocaíocht phríomhscéime air freisin) a íoc i gcomhréir le rialacha a bpríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht de scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (ASC).

Beidh ráta éagsúil i gceist nuair nach bhfuil ar an gceapaí Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a íoc.

**Nóta Tábhachtach**
Iontrálfar an scála ar an bpointe íosta agus ní dhéanfar idirbheartaíocht faoin ráta luacha saothair agus is féidir an ráta luacha saothair a choigeartú ó thráth go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist má tá tú ag oibriú faoi láthair mar státseirbhíseach nó mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh breisíochtaí a bheith le híoc ar aon dul le Beartas reatha an Rialtais.

## Socruithe Íocaíochta

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach rogha cuntas bainc oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí gur cuireadh cód BIC agus uimhir IBAN ar fáil do Rannóg Pearsanra na Roinne nó na hOifige cuí. Déanfaidh an Roinn/an Oifig asbhaintí reachtúla ó thuarastal, faoi mar is cuí.

Comhaontóidh oifigeach go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas, nó costas i gcomhréir le Ciorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Costas a rinneadh le Comhaltaí Foirne/Iarchomhaltaí Foirne/Pinsinéirí.

## Tionacht agus Promhadh

Déanfar an ceapachán le post buan bunaithe ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse naoi mí ón dáta a shonraítear ar an gconradh. I rith tréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir/mhaoirseoirí leis an méid seo a leanas a dheimhniú –

(i) D'fheidhmigh tú ar bhealach sásúil,

(ii) Bhí d'iompar sásúil, go ginearálta, agus

(iii) Tá tú oiriúnach ó pheirspictíocht na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh, déanfar cinneadh faoi cé acu chun nó gan tú a choimeád de bhun *Alt 5A(2) de na hAchtanna Rialaithe Státseirbhíse, 1956-2005*. Bunófar an cinneadh seo ar d'fheidhmíocht a dhéanfar a mheasúnú in aghaidh na gcritéar a leagtar amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) sonraí faoin bpróiseas promhaidh duit agus tabharfar cóip duit de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D'ainneoin na n-alt thuas sa mhír seo, is féidir an conradh promhaidh a scor ag aon tráth sula n-éagfaidh téarma an chonartha ag ceachtar taobh i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Is féidir do chonradh a shíneadh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí faoi na chúinsí seo a leanas.

- Beidh an tréimhse phromhaidh curtha ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Saoire Uchtaíoch.

- Maidir le fostaí a bheith as láthair ar Shaoire Thuismitheoireachta nó ar Shaoire Chúramóra, b'fhéidir go dteastóidh ón bhfostóir go gcuirfear promhadh ar fionraí mura meastar go bhfuil an asláithreacht comhsheasmhach le go leanfaidh an promhadh ar aghaidh agus
- Beidh aon fhoráil eile reachtúil a sholáthraíonn an promhadh sin -
  (i) ar fionraí fad a bhíonn an fostaí sin as láthair ón obair, agus
  (ii) le críochnú ag an bhfostaí nuair a fhilleann an fostaí ar an obair tar éis na hasláithreachta sin.

Nuair a chuirtear promhadh ar fionraí, ba cheart don fhostóir an fostaí a chur ar an eolas ar na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí.

Caithfidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh naoi mí a chaitheamh. Má bhí ceapaí ar theip orthu coinníollacha an phromhaidh a shásamh ina státseirbhíseach díreach sular ceapadh iad ón iomaíocht seo, is gnách go dtiocfaidh ceist an fhillte chun solais. I gcás fillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád ina raibh siad agus sa Roinn dheireanach inar oibrigh siad.

### Láthair

Is é MARA, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Contae Loch Garman, Y35 RF29, an ghnátháit oibre don phost seo agus d'aon phost a eascróidh as aon phainéal a bhunófar faoin gcomórtas seo. Faoi réir riachtanais ghnó, féadfaidh MARA róil atá lonnaithe in áiteanna eile in Éirinn a thairiscint do bhaill aon phainéil a bhunófar faoin gcomórtas seo. Forchoimeádann MARA an ceart, dá rogha féin, an suíomh seo a athrú go dtí aon áit eile in Éirinn.

### Uaireanta Freastail

Is ionann a bheidh uaireanta freastail agus nach lú ná 41 uair agus 15 nóiméad, ar an iomlán, sa tseachtain nó glanmhéid 35 uair an chloig sa tseachtain. Oibríonn MARA beartas oibre cumaisc. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó thráth go chéile amhail a bheidh réasúnta agus riachtanach chun tabhairt faoina d(h)ualgais i gceart faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach sna rialacháin ama oibre.

### Fostaíocht Sheachtach

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní féidir leis an gceapaí tabhairt faoi chleachtas príobháideach ná baint a bheith acu le haon ghnó seachtrach, a chuirfidh isteach ar bhealach ar bith ar a d(h)ualgais oifigiúla, a bhaineann d'fheidhmíocht nó dá (h)ionracas.

### Saoire Bhliantúil

25 lá sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúla don phost Anailísí Muirí GIS. Méadófar é seo aníos go dtí 29 lá oibre tar éis seirbhís 5 bliana agus go 30 lá oibre tar éis seirbhís 10 mbliana. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha i dtaca le saoire bhliantúil a dheonú san earnáil phoiblí, agus bunaítear é ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear na gnáthshaoirí poiblí leis.

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú)

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, sa chás gur cuí, leis an gceapachán seo.

### Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí a bheith i riocht sláinte a thabharfadh le fios go réasúnta go bhféadfadh an t-iarrthóir seirbhís rialta éifeachtach a thabhairt.

### Sochair Fostaí

Is mór againn ár bhfostaithe agus infheisteoimid ina sláinte, ina leas agus ina sábháilteacht ag an obair agus déanaimid soláthar do Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe. Tugaimid tacaíocht agus spreagadh dár bhfoireann

chun a lánacmhainneacht a bhaint amach trí dheiseanna oideachais agus oiliúna san ionad oibre agus lasmuigh de. Cuirimid uaireanta solúbtha, obair dhúshlánach agus tairbhí ar fáil freisin a chuimsíonn:

- Ballraíocht i Scéim Aoisliúntais
- Scéim Saoire Breoiteachta
- Obair Chumaisc
- Scéim do Bhliain Oibre níos Giorra
- Saoire Mháithreachais
- Saoire Thuismitheoireachta
- Saoire Tuismitheoirí
- Sosanna Gairme
- Saoire Scrúduithe agus Staidéir

## Aoisliúntas agus Scor

Cuirfear na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais ar fáil don iarrthóir rathúil atá i bhfeidhm sa Státseirbhís ag an tráth a chuirtear ceapachán ar tairiscint dóibh. Go ginearálta, cuirfear ceapachán ar tairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

Nuair a d'oibrigh an ceapaí i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí neamh-Scéim Aonair) sna 26 seachtain dheireanach sular ceapadh é/í nó má tá sé/sí ar sos gairm bheatha nó ar saoirse speisialta le/gan phá, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht phinsin na gceapaithe siúd i gcomhthéacs a stair fostaíochta seirbhíse poiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha agus aois na cáilitheachta don Phinsean - 66 bliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Caithfidh comhaltaí Scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad aois 70 bliain amach.
- Úsáidtear meántuilleamh gairm bheatha chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a ardú gach bliain agus tagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (an PIT)).
- Tá méaduithe pinsin iarscoir nasctha leis an PIT.

### Lacáiste Pinsin

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó an tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtosaítear le pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí le híoc i rith a f(h)ostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

  **Tabhair faoi deara, le do thoil: Trí chur isteach ar an bpost seo, aithníonn tú go dtuigeann tú go mbeidh baint ag na forálacha lacáiste, sa chás gurb iomchuí. Níl súil leis go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin leis an bpost seo.**

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís, áfach, agus má bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte VER/VRS nó Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail

agus Rialtais Áitiúil, a mbíonn duine neamh-incháilithe don iomaíocht faoi aon cheann díobh) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Is féidir socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís a mheas a sholáthair an ceapaí roimhe seo ar mhaithe le haon bhronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe dó.

- **Ciorclán 102/2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Coinníoll den Scéim Luathscoir is ea é, seachas na cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht ábhartha chiorcláin, agus leis na heisceachtaí siúd amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear ina dhiaidh sin é/í in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le pinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim sin. Atosófar le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht siúd nó ar bhreithlá 60 bliain an duine, pé ceann is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta a rinneadh a chomhaireamh roimhe seo san áireamh nuair a ríomhtar íocaíocht an phinsin).

- **Scor mar gheall ar Dhrochshláinte**
  Tabhair faoi deara, le do thoil, tá ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo mar gheall ar dhrochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhú, ag céim thosaigh an iarratais, go bhfuil an pinsean sin á fháil acu, don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á riar aici.

  Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an POL go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus aird ar an riocht a cáilíodh do scor iad mar gheall ar dhrochshláinte.

  <u>*Ceapachán i ndiaidh don iarratasóir dul ar scor ón Státseirbhís mar gheall ar dhrochshláinte*</u>

  Má éiríonn lena n-iarratas tríd an iomaíocht, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas ar an méid seo a leanas:

  1. Má mheastar go bhfuil siad inniúil chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar do phost iad, cuirtear stop lena bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
  2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a dhéanamh nó má dhéanann siad an cinneadh an post a sannadh dóibh a fhágáil, <u>ní féidir leo filleadh ar stádas scoir mar gheall ar dhrochshláinte, ná ní féidir pinsean scoir mar gheall ar dhrochshláinte na státseirbhíse a íoc arís,</u> arb ann don phost sin sula ndearnadh iarratas ná níl teidlíocht don chéanna.
  3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

  <u>*Ceapachán i ndiaidh don iarratasóir dul ar scor ón tseirbhís phoiblí mar gheall ar dhrochshláinte*</u>

  1. Nuair a d'imigh duine aonair ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, b'fhéidir go mbeidh a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha maidir le scor mar gheall ar dhrochshláinte faoin scéim sin.
  2. Má éiríonn leis an iarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a gceapadh, a dhearbhú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (pinsean drochshláinte nó pinsean eile) á fháil acu agus d'fhéadfadh a bpinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir lacáiste.

3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Tabhair faoi deara, le do thoil, tá eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean seirbhíse poiblí nó drochshláinte á fháil acu ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarraidh ar an SCP.

### Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh i dtreo pinsin nuair a bhí duine mar bhall de bhreis agus scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha amháin (i.e. Scéim nach Scéim Aonair í), faoi mar a shonraítear in Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh seo impleachtaí a imirt ar aon cheapaí ar ar bronnadh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

### Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Is gá an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais a íoc i gcás an cheapacháin seo, i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Nóta**

Déantar asbhaintí RBA anuas ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí na príomhscéime agus céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun teacht ar bhreis faisnéise maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Státseirbhísigh, féach an láithreán gréasáin seo a leanas – www.singlepensionscheme.gov.ie.

### Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht agus Iomláine Oifigiúil

Beidh oifigeach, i rith théarma an chonartha promhaidh, faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe i rith nó ina dhiaidh na tréimhse fostaíochta.

### Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, sa chás gur cuí, leis an gceapachán seo.

### Foilseacháin a fhaomhadh roimh ré

Comhaontóidh oifigeach a cheaptar gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla gan cead a bheith faighte roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ag oifigeach údaraithe cuí eile.

### Gníomhaíocht Pholaitiúil

Beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus an pholaitíocht i rith théarma na fostaíochta.

Tá gach ciorclán ar fáil ar an láithreán gréasáin www.circulars.gov.ie nó an Rannóg Pearsanra.

## Fógra Tábhachtach

**Is éard atá sa mhéid thuas ná príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní bheartaítear go mbeidh an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir i gceist leis a leagfar amach sa chonradh promhaidh lena gcomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.**

## Eolas Ginearálta

### Costais:

Ní bheidh MARA freagrach as aon chostas, costais taistil ina measc, is féidir le hiarrthóirí a thabhú maidir leis an gcomórtas seo.

### Stocaireacht:

Cuirtear cosc ar stocaireacht agus beidh dícháiliú ón gcomórtas mar thoradh uirthi.

### Pearsanú:

Níor cheart go ndéanfadh tríú páirtí pearsanú ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneáil a íoc nó téarma príosúnachta a chaitheamh.

<u>Anuas air sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta duine a fuarthas ciontach i gcion:</u>

- sa chás nár ceapadh é/í le post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh é/í ina dhiaidh sin leis an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, tabharfaidh sé/sí an ceapachán sin suas.

### Trealamh Taifeadta a Úsáid:

Ní cheadaíonn MARA úsáid gan chead a bhaint as aon saghas trealamh taifeadta ina áitreabh nó in aon láthair ina ndéantar measúnuithe/tástálacha/agallaimh etc., e.g. agallaimh i bpearsan, físagallaimh, teileachomhdháil. Baineann seo le haon fhoirm de thaifeadadh fuaime agus aon saghas taifeadta grianghraif nó fístaifeadadh, cibé acu má áirítear nó mura n-áirítear taifeadadh fuaime leo, agus áirítear leis seo freisin aon saghas gléis a úsáidtear ar na cuspóirí seo.

Caithfidh aon duine ar mian leo aon trealamh den saghas sin a úsáid ar aon chinn de na cuspóirí seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideachas na foirne agus custaiméirí agus iomláine ár n-ábhair mheasúnaithe agus ár bpróiseas measúnaithe a chosaint. Sáraíonn úsáid gan chead a bhaint as trealamh taifeadta ag aon duine an beartas seo. D’fhéadfaí aon iarrthóir a dhéanann an sárú sin a dhícháiliú ón gcomórtas.

### Comórtas a Chealú:

Féadfaidh MARA, dá rogha féin, an comórtas seo a chur ar ceal mar gheall ar athrú ar riachtanais ghnó. Dá dtarlódh sé sin tar éis dháta deiridh an chomórtais, cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas i scríbhinn.

### Aiseolas Iarrthóirí:

Cuirfear aiseolas ar fáil ach iarratas a dhéanamh i scríbhinn.

### Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin:

Déileálfar le hiarrataí ar athbhreithniú i gcomhréir leis na cóid chleachtais a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is féidir teacht ar na Cóid ag www.cpsa.ie. Cuirtear sonraí breise ar fáil sna míreanna thíos:

### Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearán faoin gCód Cleachtais um Cheapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Mura bhfuil iarrthóir sásta tar éis thoradh aon chéime den phróiseas roghnúcháin, féadfaidh sé nó sí ceann amháin den dá rogha seo a leanas a dhéanamh:

1. Iarraidh go ndéanfar **athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh i rith an phróisis.

**nó**

2. **Gearán a dhéanamh** go raibh an próiseas roghnúcháin ar cloíodh leis éagórach.

Féadfaidh iarrthóir ceachtar den dá nós imeachta a leanúint maidir leis an ngné chéanna den phróiseas roghnúcháin, ach ní fhéadfaidh sé nó sí an dá cheann a leanúint. Nuair a rinneadh athbhreithniú ar phróiseas roghnúcháin faoi Alt Mhír 7 (mar a shonraítear thíos), ní féidir le gearánaí a lorg go ndéanfar athbhreithniú breise ar an bpróiseas céanna faoi Mhír 8, seachas faoi na cúinsí is eisceachtúla agus is é an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) a dhéanfaidh cinneadh faoi sin **ar a lánrogha**.

Níl aon oibleagáid ar MARA próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad atá breithniú á dhéanamh ar Athbhreithniú nó Gearán. Mar sin féin, tá an CPSA ag súil go ndéanfaidh MARA idirghabháil, nuair is féidir, i gcásanna ina measann sé gur dócha gur tharla earráid.

### Athbhreithniú faoi Mhír 7 a Iarraidh

Is féidir le hiarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh mura bhfuil siad sásta le gníomh nó le cinneadh a rinne MARA. Déanfaidh MARA breithniú ar iarrataí ar athbhreithniú i gcomhréir le forálacha **Mhír 7** den Chód Cleachtais, *Ceapacháin le Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*, a d'fhoilsigh an CPSA.

Nuair a bhíonn iarraidh á déanamh ar athbhreithniú, caithfidh an t-iarrthóir tacú lena n-iarraidh trí chuntas a thabhairt ar na fíricí a chreideann siad a léiríonn go raibh an gníomh nó an cinneadh a rinne siad mícheart. Is féidir iarraidh ar athbhreithniú a dhiúltú mura féidir leis an iarrthóir tacú lena n-iarraidh.

Is éard a bheidh san Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil scrúdú deascbhunaithe ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus leis an gcinneadh a rinneadh i ndáil le hiarratas an iarrthóra. Cuirfear toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil in iúl don iarratasóir i scríbhinn.

- Caithfear iarraidh a dhéanamh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh gur fógraíodh an cinneadh, agus ba cheart go dtitfeadh seo amach de ghnáth idir an t-iarrthóir agus ionadaí MARA, a raibh príomhról acu sa phróiseas roghnúcháin.
- Sa chás go bhfuil iarrthóir míshásta go fóill i ndiaidh tabhairt faoi aon chumarsáid neamhfhoirmiúil sin, féadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos.

Caithfear iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh go gcuirtear an cinneadh roghnúcháin in iúl, nó go bhfógraítear toradh phróiseas an Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní dheonófar aon síneadh a chur ar na teorainneacha ama seo ach sna cúinsí is eisceachtúla agus beidh sin faoi lánrogha an Phríomhfheidhmeannaigh, agus é/í sin amháin.

- Caithfidh an t-iarrthóir dul i ngleic lena mbuarthaí maidir leis an bpróiseas i scríbhinn leis an bPríomhfheidhmeannach (ar ríomhphost) chuig laura.brien@mara.gov.ie, nó i scríbhinn leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, An 2ra hUrlár, Teach Menapia, Draighneach, Loch Garman, Y35RF29), agus cuntas a thabhairt ar na fíricí a chreideann siad a léiríonn go raibh an gníomh nó an cinneadh a rinne siad mícheart.

- Is é duine atá go hiomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin a dhéanfaidh an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Go ginearálta, caithfear toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre i ndiaidh an iarraidh ar athbhreithniú a fháil. Mura féidir cinneadh a dhéanamh tar éis an imscrúdaithe laistigh den amfhráma seo, caithfidh MARA an t-iarrthóir a choimeád ar an eolas ar stádas an athbhreithnithe agus ar na cúiseanna leis an moill.

### Gearán a Dhéanamh faoi Mhír 8

D'fhéadfadh iarrthóir a chreidiúint gur sháraigh MARA Cód Cleachtais an Choimisiúin a d'fhéadfadh baint d'iomláine an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Ligeann an próiseas gearán d'iarrthóirí gearán a dhéanamh faoi **Mhír 8** le MARA sa chéad ásc, agus leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc mura mbíonn siad sásta go fóill.

De thoradh phróiseas Gearáin Mhír 8, féadfaidh MARA nó an CPSA a chinneadh nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá i gceist leis an gcaighdeán atá leagtha amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh MARA agus an CPSA moltaí a dhéanamh chun cosc a chur ar cheisteanna den sórt sin tarlú arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an CPSA treoir a thabhairt do MARA cinneadh a rinneadh le linn próiseas ceapacháin a chur ar ceal.** Ba cheart d'aon iarrthóir ar mian leis nó léi imscrúdú a dhéanamh ar an gcinneadh a rinneadh maidir lena (h)iompar iarratais mar chuid de phróiseas roghnúcháin Athbhreithniú faoi Alt 7 a iarraidh, mar atá leagtha amach thuas.

Caithfidh an gearánaí cuntas a thabhairt ar na fíricí a chreideann siad a thaispeánann go raibh an próiseas ar tugadh faoi mícheart. Caithfidh an gearánaí chomh maith an ghné den Chód a shainaithint a chreideann siad a sáraíodh agus aon cháipéisíocht ábhartha a chur faoi iamh a d'fhéadfadh tacú leis an líomhain. Is féidir gearán a chealú mura féidir leis an ngearánaí tacú lena líomhaintí trína leagan amach conas nár chloígh MARA le prionsabail an Chóid seo.

Is éard a bheidh san Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil scrúdú deascbhunaithe ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Cuirfear toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil seo in iúl don iarratasóir i scríbhinn.

- Caithfear Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh gur fógraíodh an cinneadh, agus ba cheart go dtitfeadh seo amach de ghnáth idir an t-iarrthóir agus ionadaí MARA, a raibh príomhról acu sa phróiseas roghnúcháin.
- Sa chás go bhfuil iarrthóir míshásta go fóill i ndiaidh tabhairt faoi aon chumarsáid neamhfhoirmiúil sin, féadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos.

Caithfear Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh go gcuirtear an cinneadh roghnúcháin in iúl, nó go bhfógraítear toradh phróiseas an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní dheonófar aon síneadh a chur ar na teorainneacha ama seo ach sna cúinsí is eisceachtúla agus beidh sin faoi lánrogha an Phríomhfheidhmeannaigh, agus é/í sin amháin.

- Caithfidh an t-iarrthóir dul i ngleic lena mbuarthaí maidir leis an bpróiseas i scríbhinn leis an bPríomhfheidhmeannach (ar ríomhphost) chuig laura.brien@mara.gov.ie, nó i scríbhinn leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, an 2ra hUrlár, Teach Menapia, Draighneach, Loch Garman, Y35RF29), agus cuntas a thabhairt ar na fíricí a chreideann siad a léiríonn go raibh an gníomh nó an cinneadh a rinne siad mícheart.
- Is é duine atá go hiomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin a dhéanfaidh an Gearán Foirmiúil.
- Go ginearálta, caithfear toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre i ndiaidh an iarraidh ar athbhreithniú a fháil. Mura féidir cinneadh a dhéanamh tar éis an imscrúdaithe laistigh den amfhráma seo, caithfidh MARA an t-iarrthóir a choimeád ar an eolas ar stádas an athbhreithnithe agus ar na cúiseanna leis an moill.

**Chun teacht ar eolas breise ar na nósanna imeachta thuas maidir le hAthbhreithniú agus Gearán, féach *an Cód Cleachtais Ceapacháin le Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie**

Níl aon oibleagáid ar MARA próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad a dhéanann sé breithniú ar iarraidh ar athbhreithniú. Tabhair faoi deara, le do thoil, nuair a rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Mhír 7 den Chód Cleachtais seo, ní féidir le gearánaí a lorg go ndéanfar athbhreithniú breise ar an bpróiseas céanna faoi Mhír 8, seachas faoi na cúinsí is eisceachtúla agus is é an Coimisiún, an Coimisiún amháin, a dhéanfaidh cinneadh faoi sin.

### Iarrataí ar Aiseolas

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil ar iarraidh i scríbhinn. Níl aon amfhrámaí ar leith socraithe chun aiseolas a sholáthar nó chun tabhairt faoi athsheiceálacha.

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe, faoi mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus baineann amfhrámaí sonraithe leis nach mór cloí leo. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d’iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula lorgófar an mheicníocht achomhairc. Ní féidir an t-amfhráma a leagtar amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas a sholáthar agus/nó an toradh a bhíonn ar athsheiceálacha.

### Oibleagáidí ar Iarrthóirí:

Ní mór nach ndéanfaidh iarrthóirí an méid seo a leanas:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go heolach nó go meargánta,
- stocaireacht a dhéanamh ar aon duine, cé acu má nó mura ndéantar mealladh,
- pearsanú ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas,
- cur isteach ar nó baint den phróiseas ar bhealach ar bith.

### An Cód Cleachtais a Shárú

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneáil a íoc nó téarma príosúnachta a chaitheamh.

Anuas air sin, más iarrthóir i bpróiseas earcaíochta duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus fágfar as an áireamh ón bpróiseas iad;
- má ceapadh iarrthóir le post i ndiaidh an phróisis earcaíochta, bainfear iad ón bpost sin.

### Rúndacht Eolais agus Ábhar

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur próiseas iomaíoch é seo do phost ina bhfuil sláine ríthábhachtach. D’fhéadfadh go ndícháileofaí thú ón gcomórtas mar thoradh ar eolas faoin bpróiseas roghnúcháin a roinnt, e.g. trí na meáin shóisialta nó ar aon bhealach eile.

Níor cheart go ndéanfadh tríú páirtí pearsanú ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Tabhair faoi deara go bhfuil gach ábhar measúnaithe agus tástála faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid d’ábhar na tástála (sleachta eolais, ceisteanna nó roghanna freagraí san áireamh), ábhar gaolmhar agus/nó eolas a bhaineann leis an agallamh a atáirgeadh ná a tharchur i bhfoirm ar bith ná ar aon mhodh, go leictreonach, go meicniúil, trí fhótachóipeáil, trí ghrianghrafadóireacht, trí thaifeadadh, i scríbhinn nó ar shlí eile san áireamh, ag céim ar bith. Is cion é sin agus d’fhéadfadh go gcuirfí as an áireamh thú ón bpróiseas roghnúcháin dá bharr. Aon duine a sháraíonn an fhoráil seo, nó a chuidíonn le duine nó daoine eile an fhoráil seo a shárú, féadfar é a ionchúiseamh agus/nó

féadfar caingean shibhialta a thionscnamh ina choinne mar gheall ar chailleadh cóipchirt agus maoine intleachtúla.

### An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, in áit an chreata cosanta sonraí a bhí ann roimhe faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar chomórtas, cruthaímid taifead ríomhaireachta i d'ainm. Úsáidtear an t-eolas a chuirtear isteach le hiarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. I gcás ina n-úsáidtear seirbhísí tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, d'fhéadfadh go mbeadh gá eolas a chur ar fáil dóibh; ach glacfar na réamhchúraimí riachtanacha go léir chun slándáil do shonraí a chinntiú, mar sin féin. Má éiríonn leat sa chomórtas earcaíochta agus roghnúcháin, féadfar d'iarratas a chur ar fáil don Aonad a sannadh duit.

Chun iarraidh a dhéanamh ar rochtain ar do shonraí pearsanta, cuir d'iarratas isteach ar ríomhphost chuig: dataprotection@mara.gov.ie, agus déan cur síos chomh mionsonraithe agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat chun cur ar ár gcumas an taifead nó na taifid ábhartha a aithint.

Tá eolas maidir leis na sonraí pearsanta atá ag MARA faoi iarrthóirí le fáil ar an leathanach Cosaint Sonraí agus Iarratais ar Rochtain ar www.maritimeregulator.ie

### Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí:

Tá de chuspóir againn seirbhís shármhaith ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Mura bhfuil tú sásta, ar chúis ar bith, le aon ghné den tseirbhís a chuirimid ar fáil duit, spreagaimid thú chun é seo a chur ar aird an aonaid nó an chomhalta foirne atá i gceist. Tá seo tábhachtach mar gheall go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas ar an bhfadhb agus gur féidir linn dul i mbun na mbeart cuí le hé a réiteach.

### Rúndacht:

Tabhair faoi deara go gcaithfear le gach sonra pearsanta mar shonraí faoi rún de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus forálacha Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018:

Nuair a gheofar d'fhoirm iarratais, cruthófar taifead faoi d'ainm, ina gcoinneofar mórchuid den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus coinneoidh an MARA eolas áirithe a chuireann tú ar fáil, má éiríonn leat sa chomórtas. Coimeádtar an t-eolas siúd faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018, seol iarratas i scríbhinn chuig: An tOifigeach Cosanta Sonraí, MARA, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Contae Loch Garman, agus cinntigh go ndéanann tú cur síos ar na taifid atá uait a mhéad is féidir chun gur féidir linn an taifead bainteach a shainaithint. Ba chóir €6.35 de tháille a chur leis an iarratas. Ba chóir íocaíocht a dhéanamh i bhfoirm dréacht bainc, ordú airgid nó seic phearsanta, atá iníoctha le MARA.

### Cosaint Sonraí – an Próiseas Earcaíochta:

Bailítear agus próiseáiltear sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas earcaíochta. Leagtar amach sa mhír seo an t-eolas faoi na teidil a leanas:

- Sonraí pearsanta a bhailítear.
- An bunús le sonraí pearsanta a phróiseáil.
- Conas is féidir d'eolas a roinnt.
- Cé chomh fada is féidir d'eolas a stóráil.
- Do chearta um chosaint sonraí.

## Sonraí Pearsanta a Bhailiú:

Bailíonn MARA sonraí pearsanta ó iarrthóirí ionchasacha mar chuid den phróiseas earcaíochta. Agus a oibleagáidí maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh aige, tá MARA tiomanta do bheith cuntasach agus trédhearcach maidir leis an gcaoi a mbailíonn agus a bpróiseálann sé an t-eolas seo.

Sainmhínítear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 'sonraí pearsanta' mar aon eolas a bhaineann le duine aonair beo atá sainaitheanta nó inaitheanta. Sainmhíníonn sé chatagóir 'sonraí pearsanta' amhail ainm, seoladh, dáta breithe, etc. Leagtar amach sa RGCS freisin 'catagóirí speisialta sonraí pearsanta' le haghaidh eolas níos íogaire, lena n-áirítear, mar shampla, sonraí sláinte.

Tugann MARA faoi phróiseas earcaíochta atá bunaithe ar inniúlachtaí. Iarrtar ar gach iarrthóir foirm iarratais a sheoladh ar aghaidh. Áireofar sa phróiseas earcaíochta seo seiceáil teistiméireachtaí. Ag brath ar an bpost a bhfuil iarratas á dhéanamh air, d'fhéadfadh go mbeadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gceist freisin.

## An Bunús Dlí le Toiliú do Shonraí Pearsanta a Phróiseáil:

Próiseálann MARA na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil i d'fhoirm iarratais le linn an phróisis earcaíochta ar bhonn dleathach 'toilithe'. Tá do thoiliú riachtanach chun aon sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil san iarratas a phróiseáil ar mhaithe go sonrach le hiarratas a chur chun cinn tríd an bpróiseas earcaíochta.

## Conarthach:

I gcás iarrthóir a n-éiríonn leis, féadfaidh na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil le linn an phróisis earcaíochta a bheith mar bhonn leis an gconradh fostaíochta.

## Oibleagáid Dhlíthiúil:

Próiseáiltear sonraí pearsanta iarrthóirí ionchasacha agus fostaithe reatha (lánaimseartha, páirtaimseartha, ar conradh agus gníomhaireachta) ar an mbonn go bhfuil siad riachtanach chun go gcomhlíonfaidh MARA a oibleagáidí faoin reachtaíocht (e.g. reachtaíocht fostaíochta). Cuireann MARA Ráiteas Príobháideachais ar fáil dá fhostaithe maidir leis an gcaoi a n-úsáideann sé eolas faoi fhostaithe.

## Conas is Féidir d'Eolas a Roinnt:

Féadfar do chuid eolais a roinnt le páirtithe eile mar chuid den phróiseas earcaíochta. I gcás ina dtarlaíonn sé seo, roinntear an t-eolas de réir mar is gá agus faoi rún.

## Cé chomh Fada is Féidir d'Eolas a Stóráil:

Tá Beartas Coinneála Sonraí ag MARA a chuireann sé i bhfeidhm ar an eolas uile a stórálann sé. Déantar an beartas seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun coinneáil suas leis na hathruithe ábhartha go léir sa reachtaíocht.

## Iarrthóirí Neamhrathúla:

I gcás na ndaoine aonair nár éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, coinneoidh MARA an t-eolas uile a cuireadh ar fáil dó ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar d'eolas go slán.

## Iarrthóirí Rathúla:

I gcás na ndaoine aonair ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, cuirfidh MARA an t-eolas uile a cuireadh ar fáil dó ar do chomhad fostaí. Coinneofar é ar feadh thréimhse d'fhostaíochta leis an eagraíocht agus ar feadh tréimhse oiriúnach ina dhiaidh sin. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar d'eolas go slán.

**Do Cheart um Chosaint Sonraí:**
Tá cearta agat maidir leis na sonraí pearsanta a bhailíonn, a phróiseálann agus a stórálann MARA. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoin gceannteideal 'Cosaint Sonraí agus Iarratais ar Shonraí'.

Leagtar amach sa chuid seo cad iad na cearta atá agat maidir le cosaint sonraí agus conas Iarratas Duine ar a Sonraí a dhéanamh chuig MARA. Má tá aon cheist agat nó más mian leat Iarratas Duine ar a Sonraí a dhéanamh, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag MARA. Seo a leanas na sonraí teagmhála:

**Sonraí Teagmhála OCS MARA:**
**Ríomhphost:** dataprotection@mara.gov.ie
**Sa Phost:** An tOifigeach Cosanta Sonraí, MARA, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Contae Loch Garman

**Eolas Breise ar Chosaint Sonraí:**
Suíomh an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí trí ghlaoch ar 1890 252231 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@dataprotection.ie

## Aguisín A – Creat Príomhinniúlachtaí – Innealtóir Grád III

### Effective Performance Indicators

| | |
|---|---|
| Leadership Potential | Is flexible and willing to adapt, positively contributing to the implementation of change |
| | Contributes to the development of policies in own area and the broader Department/ Organisation |
| | Seeks to understand the implications of taking a particular position on issues and how interdependencies need to be addressed in a logical and consistent way |
| | Maximises the contribution of the team, encouraging ownership, providing support and working effectively with others |
| | Formulates a perspective on issues considered important and actively contributes across a range of settings |
| Analysis & Decision Making | Is skilled policy analysis and development, challenging the established wisdom and adopting an open-minded approach |
| | Quickly gets up to speed in a complex situation, rapidly absorbing all relevant information/data (written and oral) |
| | Uses numerical data skillfully to understand and evaluate business issues |
| | Identifies key themes and patterns in and across different sources of information, drawing sound and balanced conclusions |
| | Sees the logical implications of taking a particular position on an issue |
| | Is resourceful and creative, generating original approaches when solving problems and making decisions |
| Delivery of Results | Assumes personal responsibility for and delivers on agreed objectives/ goals |
| | Manages and progresses multiple projects and work activities successfully |
| | Accurately estimates time parameters for projects and manages own time efficiently, anticipating obstacles and making contingencies for overcoming these |
| | Maintains a strong focus on meeting the needs of customers at all times |
| | Ensures all outputs are delivered to a high standard and in an efficient manner |
| | Use resources effectively, at all times challenging processes to improve efficiencies |
| Interpersonal & Communication Skills | Communicates in a fluent, logical, clear and convincing manner verbally and in writing |
| | Is able to listen effectively and develop a two-way dialogue quickly |
| | Maintains a strong focus on meeting the needs of internal and external customers |
| | Effectively influences others to take action |
| | Works to establish mutual understanding to allow for collaborative working |
| | Works effectively |
| Specialist Knowledge, Expertise and Self Development | Clearly understands the role, objectives and targets and how they fit into the work of the unit and Department/ Organisation |
| | Develops the expertise necessary to carry out the role to a high standard and shares this with others |
| | Is proactive in keeping up to date on issues and key developments that may impact on own area, the Department and/ or wider public service |
| | Consistently reviews own performance and sets self challenging goals and targets |
| | Has significant expertise in his/her field that is recognised and utilised by colleagues |
| Drive & Commitment to Public Service Values | Consistently strives to perform at a high level |
| | Maintains consistent effort under pressure and is resilient to criticism or setbacks at work |
| | Demonstrates high levels of initiative, taking ownership for projects and demonstrating self sufficiency |
| | Is personally trustworthy and can be relied upon |
| | Places the citizen at the heart of all process and systems |
| | Upholds the highest standards of honesty, ethics and integrity |